



Plean Corparáideach

2024-2026



Clár

Réamhrá	4
Achoimre Feidhmiúcháin	5
Cé Muid Féin	6
Ár gComhpháirtithe	7
Ar dTimpeallacht Oibriúcháin	7
Maidir leis an bPlean Seo	8
Ár bPlean Corparáideach 2024-2026	13
Conas a Dhéanfaimid Ár bPlean a Sheachadadh	15
Aguisín 1: Giorrúcháin	27
Aguisín 2: Athbhreithniú ar Phlean Corpordáideach 2021-2023	28
Aguisín 3: Anailís ar Phríomhrioscaí	34

Réamhrá

Mar Chathaoirleach ar an mBord agus thar ceann Tusla, an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, tá an-áthas orm ár bPlean Corparáideach don chéad trí bliana eile 2024-2026 a chur i láthair.

Leagtar amach sa Phlean Corparáideach seo an treoir straitéiseach don Gníomhaireacht do na trí bliana amach romhainn, agus tugtar soiléiriú ann ar ár gcuspóir, ár bhfís agus ár misean. Bunaíodh Tusla an 1 Eanáir 2014 mar an Gníomhaireacht Stáit tiomnaithe atá freagrach as a bheith ag tacú le forbairt, leas, oideachas agus cosaint leanaí agus daoine óga, feidhmiú éifeachtach teaghlach agus cúram leanúnach do dhaoine fásta a úsáideann ár seirbhísí.

Tá breithniú cúramach déanta ag an mBord agus ag an bhFeidhmeannacht ar an gcéad chéim eile den timthriall pleanála le haghaidh Tusla agus, faoi threoir Chreataí Feidhmíochta ón Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus ón Aire Oideachais, tugann ár gcuspóirí agus ár dtosaíochtaí soiléiriú maidir leis an gcaoi a leanfaimid ar aghaidh lenár n-aistear athchóirithe ionas gur féidir linn aghaidh a thabhairt ar ár bpríomhdhúshlán agus leanúint ar aghaidh ar ár n-aistear seirbhísí feabhsaithe do gach duine a bhfuil siad ag teastáil uaidh.

Táim buíoch den iliomad páirtithe leasmhara a ghlac an t-am chun teagmháil a dhéanamh linn agus próiseas forbartha an phlean seo ar siúl. Fáiltímid roimh aiseolas uaibh faoin mbealach is féidir linn feabhas a chur ar na príomhréimsí fócais a leagtar amach sa phlean seo.

Leagtar amach sa phlean seo trí phríomhcholún na Gníomhaireachta, mar atá Pobal, Cleachtas agus Muinín Phoiblí. Beidh na colúin sin mar bhonn agus mar thaca lenár gcuspóirí agus leis na cinntí agus na gníomhaíochtaí a dhéanaimid ó lá go lá agus beidh siad ina dtionchar orthu. Chomh maith leis sin, leis na colúin sin beidh ár n-athchóiriú ar an nGníomhaireacht indéanta, athchóiriú ina bhfuilimid ag díriú ar ár gCleachtas, ár Struchtúr agus ár gCultúr. Clár uailmhianach le haghaidh na Gníomhaireachta is ea an Clár Athchóirithe, ach is clár é atá ag déanamh athrú ó bhonn ar sheachadadh seirbhísí agus a chuideoidh linn ár bhfís a bhaint amach maidir lena chinntiú go bhfuil


rochtain thráthúil agus chothrom ag leanaí, daoine óga, teaghlaigh agus úsáideoirí seirbhíse lánfhásta ar sheirbhísí comhtháite a fhágainn gur féidir torthaí dearfacha a bhaint amach, seirbhísí a bhfuil muinín ag an bpobal astu agus a mbraitheann an fhoireann go bhfuil gur tacaíocht dóibh iad.

Tá an t-ádh ar an nGníomhaireacht foireann iontach agus tiomanta a bheith aici agus caidreamh láidir a bheith aici leis an iliomad eagraíochtaí comhpháirtíochta atá againn agus, lena dtacaíocht siúd agus le tacaíocht ón Aire, ón Roinn agus ó Bhord na Gníomhaireachta, leanfaimid orainn de bheith ag cinntiú go bhfaigheann ár n-úsáideoirí seirbhíse an tseirbhís cheart ón duine ceart ag an am ceart.

In ainneoin an iliomad dúshlán a bhaineann leis an éileamh méadaithe ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí, an ghluaiseacht dhomhanda mhéadaithe, daonra leanaí atá méadaithe, an phaindéim dhomhanda agus athruithe sochaíocha níos leithne, gan ach beagán díobh a lua, táim dóchasach faoi thodhchaí ár gcuid oibre chun freagairt do riachtanais na leanaí, na ndaoine óga, na dteaghlach agus na ndaoine fásta a bhíonn ag plé lenár seirbhísí.



Pat Rabbitte
Cathaoirleach



Achoimre Feidhmiúcháin

Achoimre Feidhmiúcháin

Cuirtear an Plean Corparáideach seo ar fáil de réir Alt 41 den Acht um Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013 agus mar fhreagra ar na tosaíochtaí ardleibhéil atá leagtha amach sna Creataí Feidhmíochta ón Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, ón Aire Oideachais agus ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le haghaidh Seirbhísí d'Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe (FBGI) (i gcomhréir leis an Meabhrán Tuisceana chun an t-aistriú chuig Gníomhaireacht nua FBGI a chumasú in 2024).

Leagtar amach i bPlean Corparáideach 2024-2026 na príomhghníomhaíochtaí a dhéanfaimid mar ghníomhaireacht, i gcomhpháirtíocht le Ranna Rialtais, le gníomhaireachtaí stáit eile agus le seirbhísí cistithe, lena chinntiú go bhfuil leanaí agus daoine óga sábháilte agus go bhfuil cosaint acu, agus go bhfuil rochtain thráthúil ag daoine aonair agus ag a dteaghlaigh ar sheirbhísí comhsheasmhacha comhtháite a chumasaíonn torthaí dearfacha, a bhfuil muintir an phobail acu, agus a mhothaíonn an fhoireann go bhfuil tacaíocht acu agus go bhfuil siad bródúil astu.



Cé Muid Féin

Bunaíodh Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an teaghlach, an 1 Eanáir 2014, faoin Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an teaghlach 2013, chun tacú le forbairt, leas agus cosaint leanaí agus daoine óga agus chun feidhmiú éifeachtach teaghlach a chur chun cinn. Cuirimid réimse leathan seirbhísí uilíocha agus spriocdhírthe ar fáil do mhuintir na hÉireann, lena n-áirítear:



Táimid ag comóradh deich mbliana ar an bhfód in 2024, agus ó bunaíodh Tusla, an Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, tá méadú suntasach feicthe againn bliain ar bhliain ar an éileamh ar ár seirbhísí, an leathnú ar na seirbhísí atá faoinár sainchúram agus an fhorbairt ar sheirbhísí nua.

Is í ár Máthair-Roinn Rialtais an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus cuireann siad beartas agus treoir reachtaíochta ar fáil maidir leis an gcuid is mó

dár seirbhísí. Mar gheall ar athruithe le déanaí ar an reachtaíocht, cuireann an Roinn Oideachais treoir bheartais agus reachtaíochta ar fáil anois maidir lenár Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (STOT) agus ár Seirbhís um Oideachas Malartach agus Clárúchán (SOMC), agus cuireann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais treoir bheartais ar fáil faoi láthair maidir lenár Seirbhísí Foréigean Baile, Gnéasacha agus Inscnebhunaithe (FBGI), go dtí go mbunófar Gníomhaireacht nua an FBGI i mí Eanáir 2024.

Ár gComhpháirtithe

Tá Tusla mar chuid de chóras fairsing atá freagrach as soláthar seirbhíse do leanaí, do dhaoine óga agus do theaghlaigh in Éirinn. Oibrímid lenár máthair-roinn, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, chomh maith le comhpháirtithe tábhachtacha amhail Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), Ranna Rialtais eile (An Roinn Oideachais, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an Roinn Sláinte, an Roinn Coimirce Sóisialaí), An Garda Síochána (AGS), Údaráis Áitiúla, os cionn 650

gníomhaireacht chomhpháirtíochta dheonacha agus pobail arna maoiniú, agus cúramóirí altrama a chothaíonn raon leathan seirbhísí i bpobail ar fud na tíre a chabhraíonn linn ár bhfreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh, príomhghníomhaíochtaí a sheachadadh mar a shainaithnítear sa phlean seo agus tacú lenár bpríomhaidhm torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus do dhaoine óga. Tacaímid freisin le comhpháirtithe rialtais agus reachtúla i straitéisí eile ar nós Éire Óg, Na Chéad 5, Straitéis Óige na hÉireann agus an Plean Náisiúnta um Chur Chun Cinn Meabhairshláinte atá ar na bacáin.

Ar dTimpeallacht Oibriúcháin

Forbraímid agus soláthraímid ár seirbhísí laistigh de thírdhreach reachtaíochta atá faoi shíorathrú. Cuireann reachtaíocht agus ceanglais reachtúla fairsinge intíre agus idirnáisiúnta freagrachtaí suntasacha ar an nGníomhaireacht, agus cuireann tírdhreach reachtaíochta atá faoi athrú oibleagáidí breise ar an nGníomhaireacht agus ar sholáthar ár seirbhísí. Go háirithe, tuigeann Tusla an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht agus ionchur ar fud ár seirbhísí san Athbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí 1991 agus in aon leasú reachtach ina dhiaidh sin.

Aithnímid freisin castacht mhéadaitheach na timpeallachta ina gcaithfimid a bheith ag freagairt agus ina gcaithimid seirbhísí a sholáthar, castacht lena n-áirítear an méadú ar an ngluaiseacht dhomhanda, an méadú ar an daonra leanaí, méadú ar an gcostas maireachtála, bochtaineacht, easpa dídine, brúnna boilscitheacha, athruithe i dtionchar an mhargaidh saothair, athruithe sochaíocha níos leithne, athrú aeráide agus dul chun cinn teicneolaíoch.

Maidir leis an bPlean Seo

Maidir leis an bPlean Seo

Agus ár gcuspóirí agus ár ngníomhaíochtaí á leagan amach againn sa phlean seo, tugaimid aird ar ár n-oibleagáidí mar ghníomhaireacht reachtúil, agus tá go leor dár bhfreagrachtaí réamhchinnte cheana féin sa dlí agus sa rialáil.

Faoi Alt 41 den Acht um Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013, ní mór dúinn ár bPlean Corparáideach a fhorbairt mar fhreagra ar na tosaíochtaí ardleibhéil a chuireann an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta & Óige agus an tAire Oideachais in iúl don Gníomhaireacht trí Chreat Feidhmíochta tríbhliantúil, agus a chuireann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais in iúl trí Mheabhrán Tuisceana (lena n-áirítear bunú na Gníomhaireachta nua FBGI). Sonraítear sa roinn seo a leanas na Tosaíochtaí Aireachta atá le cur san áireamh sa Phlean Corparáideach seo mar a leagtar amach i gCreataí Feidhmíochta 2024-2026 iad.

Creat Feidhmíochta 2024-2026

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Cuireann Creat Feidhmíochta 2024-2026 a d'fhorbair an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige treoir bheartais ar fáil, agus treoir maidir le gníomhaíochtaí tosaíochta le cur chun feidhme ag Tusla ó 2024 go 2026.

Is iad seo a leanas Tosaíochtaí Aireachta (TA) don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige 2024-2026:

1. Cúram agus Tacaíochtaí a Chothú (TA1)

2. Leibhéil Foirne Oibre Sóisialta atá oiriúnach do riachtanais oibríochtúla (TA2)

3. Pacáiste Tacaíochta Teaghlaigh (TA3)

- a) Tacaíochtaí Tuismitheoireachta Spriocdhírthe agus Uilíocha
- b) Seirbhísí Teiripe Tusla
- c) Tosaíochtaí eile Tacaíochta do Theaghlaigh
- d) Clár an Ionaid Acmhainní Teaghlaigh a leathnú

4. Pacáiste Cúraim Mhalartaigh (TA4)

- a) Feabhas a chur ar Chobhsaíocht Socrúchán Cúraim laistigh de Chúram Malartach
- b) Cumas Cúraim Speisialta
- c) Acmhainn Cúraim Cónaithe (agus socruithe speisialta éigeandála)
- d) Tosaíochtaí eile Cúraim Mhalartaigh

5. Cosaint Idirnáisiúnta lena n-áirítear an Úcráin (TA5)

6. An clár oibre don athchóiriú (TA6)

- a) Athbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí
- b) Clár athchóirithe inmheánach Tusla a sheachadadh
- c) Cur chuige Tusla i leith Bheartas an Dorais Tosaigh

7. Tosaíochtaí eile, lena n-áirítear obair iarmharach in 2024 (TA7)

- a) Faisnéis agus Rianú Breithe — iarrataí a phróiseáil
- b) Aistriú chuig Gníomhaireacht FBGI (agus cúram d'íospartaigh tar éis an phointe sin)
- c) Uchtáil Naíonán Baile — treoirlínte

An Roinn Oideachais

Cuireann Creat Feidhmíochta 2024-2026 a d'fhorbair an tAire Oideachais treoir bheartais agus treoir ar fáil freisin, agus treoir maidir le gníomhaíochtaí le cur i bhfeidhm ag Tusla maidir le STOT agus SOMC.


Is iad seo a leanas Tosaíochtaí Aireachta (TA) don Aire Oideachais 2024-2026:

1. A chinntiú go ngníomhóidh STOT agus SOMC i gcónaí ar mhaithe le leas na leanaí, agus díreofar ar an tsábháilteacht agus ar an bhfolláine agus tús áite á thabhairt don chaoi a leanfaidh na seirbhísí de bheith ag neartú comhpháirtíochtaí agus na cumarsáide le páirtithe leasmhara.
2. Tosaíocht a thabhairt do sholáthar tráthúil seirbhísí STOT agus SOMC chun ceart an linbh chun oideachais a chosaint.
3. Cur i bhfeidhm iomlán gach gné den rialachas, lena n-áirítear breithniú ar théarmaí an Chomhaontaithe Formhaoirseachta idir an Roinn Oideachais agus Tusla.
4. Tiomantas do cheannaireacht inmheánach agus i gcomhoibriú straitéiseach éifeachtach le leanaí agus daoine óga, le teaghlach, an tAire Oideachais, páirtithe leasmhara, agus gníomhaireachtaí eile chun tacú le leas oideachais leanaí agus daoine óga.
5. Tiomantas chun leanúint le cultúr feidhmíochta cáilíochta, cuntasachta agus trédhearcachta a leabú ar fud STOT agus SOMC, ag baint úsáide as dul chun cinn sa teicneolaíocht agus sa rochtain ar shonraí agus ar fhianaise, chun an fhoghlaim a roinnt agus chun seirbhísí ardchaighdeán a sheachadadh ar tacaíocht iad do leas oideachais leanaí agus daoine óga.
6. Lucht saothair éagsúil, oilte agus an-ghairmiúil a fhorbairt agus a choinneáil, a fhreagraíonn go héifeachtach agus a sholáthraíonn sármhaitheas gairmiúil.

Sonraítear sa Phlean Corparáideach seo cuspóirí straitéiseacha foriomlána na Gníomhaireachta, a chuirfear i bhfeidhm i gcomhthráth, ionas go mbainfear tosaíochtaí an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an Aire Oideachais amach thar an tréimhse trí bliana.

Sonrófar inár bPleananna Gnó bliantúla na gníomhaíochtaí sonracha a chuirfidh an Gníomhaireacht chun feidhme ar bhonn bliantúil, bunaithe ar leithdháileadh acmhainní agus ar na táscairí feidhmíochta a ndéanfar faireachán orthu chun na cuspóirí straitéiseacha foriomlána a bhaint amach, i gcomhréir leis na Tosaíochtaí Aireachta.

Chomh maith leis an gCreat Feidhmíochta, tá cur chuige comhoibriúch glactha againn maidir le forbairt an Phlean Chorporáidigh seo. Áiríodh leis sin rannpháirtíocht shuntasach inmheánach agus sheachtrach le príomhpháirtithe leasmhara, machnamh ar éilimh agus deiseanna, anailís ar phríomhrioscaí (**féach Aguisín 3**) agus príomh-éachtaí faoinár Straitéis Chorporáideach roimhe seo, monatóireacht feidhmíochta, ár gcuspóirí plean straitéisigh reatha, agus ár gClár Athchóirithe Tusla.



Athbhreithniú ar Phlean Corparáideach 2021-2023

Leagtar amach in Alt 42(2)(b) den Acht um Gníomhaireacht um Leanaí agus an teaghlach 2013 an ceanglas go n-áireodh an Gníomhaireacht athbhreithniú agus meastóireacht ar obair na Gníomhaireachta i gcomhlíonadh a feidhme reachtúla sna trí bliana roimhe sin laistigh dá Plean Corparáideach. Cuireann an t-athbhreithniú seo an Gníomhaireacht ar an eolas freisin maidir le réimsí fócais i bhforbairt an chéad Phlean Chorpóraidigh eile. Rinneadh an t-athbhreithniú sin i gcomhréir leis an gceanglas sin agus is féidir sonraí an athbhreithnithe a fháil in **Aguisín 2**.

Aiseolas ónár bpríomhpháirtithe leasmhara

Tá ár bpáirtithe leasmhara lárnach i seachadadh seirbhísí poiblí, agus trí bheith ag éisteacht, tríd an rannpháirtíocht agus tríd an gcumarsáid, is féidir linn ár ndícheall a dhéanamh chun seirbhísí a cheapadh agus a sholáthar a fhreastalóidh níos fearr ar

riachtanais na bpáirtithe leasmhara, seirbhísí a bhfuil muinín ag an bpobal astu.

Cuid shuntasach den phróiseas forbartha don Phlean Corparáideach seo ná rannpháirtíocht inmheánach agus sheachtrach páirtithe leasmhara chun a dtuairimí a fháil maidir leis an méid seo a leanas:

- (1) an bealach lena mbímid ag seasamh lenár luachanna agus conas feabhas a chur ar an mbealach lena mbímid ag seasamh lenár luachanna
- (2) an méid is gá dúinn díriú air:
 - (a) ár seirbhísí a sholáthar ar bhealach a fhreastalóidh ar riachtanais ár n-úsáideoirí seirbhíse
 - (b) éisteacht, foghlaim agus an rud ceart a dhéanamh, agus
 - (c) feabhas a chur ar nádúr na timpeallachta oibre ionas gur féidir linn ár bpobal a mhealladh, a choinneáil agus a fhás.

Seo a leanas cuid de na príomhphointí a chualamar:


Luachanna agus iompraíochtaí a fheabhsú

Dúirt sibh

- Ní mór ról níos sofheicthe agus níos tábhachtaí a bheith ag ár luachanna agus ár n-iompraíochtaí maidir leis an gcaoi a bhfreagraíonn agus a n-idirghníomhaíonn gach ball foirne leat i ngach réimse de sheachadadh seirbhíse

Déanfaimid

- Leanfaimid ar aghaidh ag leabú ár luachanna agus ár n-iompraíochtaí gaolmhara chun a chinntiú go ndéantar ár luachanna a ionchorprú inár n-obair laethúil



Lucht Saothair

Dúirt sibh

- Ní mór dúinn foireann bhreise a earcú agus tacaíocht níos fearr a thabhairt don fhoireann atá ann cheana féin chun comhsheasmhacht agus leanúnachas an tsoláthair seirbhíse a chinntiú
- Oiliúint agus forbairt leanúnach foirne a chinntiú ionas go mbeidh siad feistithe chun freagairt go cuí ar fud ár raon leathan seirbhísí agus tacaíochtaí

Déanfaimid

- Leanfaimid ar aghaidh lenár gcomhpháirtithe oideachais chun líon na gcúrsaí oibre sóisialta agus cúraim shóisialta a mhéadú
- Ár bhfócas ar fhorbairt foirne ildisciplíneach a mhéadú
- Ionad oibre a sholáthar a chuireann ar chumas na foirne oibriú ar bhealaí solúbtha agus freagrúla
- Tacú le baill foirne trí oiliúint agus forbairt

Seachadadh Seirbhíse

Dúirt sibh

- Tá orainn leanúint ar aghaidh ag feabhsú ár seirbhísí, ag cinntiú go bhfuil rochtain níos tráthúla agus níos cothroime againn ar sheirbhísí
- Gníomhartha agus gealltanais a thabhairt i gcrích, agus freagairt i bhfrámaí ama cuí

Déanfaimid

- Ár réigiúin agus ár réimsí a athstruchtúrú chun freastal níos fearr ar riachtanais na bpobal áitiúil
- Na tacaíochtaí cuí a fhorbairt chun torthaí níos fearr a chumasú dár n-úsáideoirí seirbhíse
- Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar phríomhbheartais chun sábháilteacht leanaí agus teaghlaigh a chinntiú

Comhoibriú

Dúirt sibh

- Tá orainn comhpháirtíocht idirghníomhaireachta agus comhoibriú a neartú tuilleadh chun seachadadh seirbhísí do leanaí agus do theaghlaigh a fheabhsú
- Ceangail níos láidre a thógáil lenár bpáirtithe leasmhara agus bealaí soiléire tacaíochta a bheith againn do dhaoine aonair agus do theaghlaigh

Déanfaimid

- Cinnteoidimid go bhfuil ár Seirbhísí Tusla inmheánacha níos comhtháite agus oibreoimid le gníomhaireachtaí agus seirbhísí eile chun a chinntiú go ndéanaimid freastal le chéile ar riachtanais úsáideoirí seirbhíse, go bhfeabhsaímid a dtaithe seirbhíse, agus go gcumasóimid torthaí níos fearr

Cumarsáid

Dúirt sibh

- Tá orainn níos mó aitheantais a thabhairt do scéalta maithe
- Tá orainn freagairt do rudaí ar dhóigh níos fearr agus a bheith níos oscailte d'aiseolas ó pháirtithe leasmhara
- Ba chóir go mbeadh sé níos éasca rochtain a fháil ar fhaisnéis


Déanfaimid

- Leanfaimid orainn ag díriú ar ár gcumarsáid leis na páirtithe leasmhara go léir a fheabhsú
- Leanúint ar aghaidh ag tuiscint, ag bainistiú agus ag feabhsú eispéireas úsáideoirí seirbhíse le Tusla
- A chinntiú go bhfuil an pobal ar an eolas faoi fhairsinge agus doimhneacht sheirbhísí agus sheirbhísí maoinithe Tusla

Clár Athchóirithe Tusla 2023-2026

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair na Gníomhaireachta faoi láthair, chuireamar in iúl ár n-uaimhian chun ár **gCleachtas**, ár **Struchtúr** agus ár **gCultúr** a athchóiriú trí Chlár Athchóirithe Comhtháite Tusla, a bheidh mar bhunchloch ag an bPlean Corparáideach 2024-2026 seo.

Cumasófar athchóiriú ár gCleachtas, ár gCultúr agus ár Struchtúr leis na trí phríomhcholún de **Dhaoine, Cleachtas** agus **Muinín an Phobail** de chuid na Gníomhaireachta sna trí bliana amach romhainn, ar aon dul le Tosaíochtaí an Aire.



Déanfaidh ár gClár Athchóirithe Comhtháite athrú ó bhonn ar sholáthar seirbhísí, trí rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú; cothromas agus comhsheasmhacht seirbhísí a áirithiú chun freastal níos fearr ar riachtanais athraitheacha na leanaí, na dteaghlach agus na bpobal a bhfreastalaímid orthu; ár lucht saothair a choinneáil, a fhás agus a éagsúlú; agus iontaoibh agus muinín an phobail sa Ghníomhaireacht a neartú.



Ár bPlean Corparáideach 2024-2026

Ár gCuspóir agus ár Misean

Tá sé tábhachtach a chur in iúl cén fáth a ndéanaimid an méid a dhéanaimid, is é is bunús do na seirbhísí a chuirimid ar fáil. Is é ár gcuspóir agus ár misean **“tacú le forbairt, leas, oideachas agus cosaint leanaí agus daoine óga agus iad a chur chun cinn, feidhmiú éifeachtach teaghlach agus cúram leanúnach do dhaoine fásta a úsáideann ár seirbhísí.”**

Ár bhFís

Agus aitheantas á thabhairt do chearta leanaí agus daoine óga chun cosanta, cobhsaíochta, oideachais agus tacaíochta do líonra teaghlaigh agus pobail agus chun cúram leanúnach a thabhairt d'úsáideoirí seirbhíse do dhaoine fásta, is í an fhís atá againn go bhfuil **“Ag leanaí, daoine óga, teaghlaigh agus úsáideoirí seirbhíse aosach rochtain thráthúil agus**

chothrom ar sheirbhísí comhtháite a fhágann gur féidir torthaí dearfacha a bhaint amach, seirbhísí a bhfuil muinín an phobail astu, a mbraitheann an fhoireann gur tacaíocht dóibh iad agus go bhfuil iontaoibh acu iontu.”

Ár Luachanna

Is iad ár luachanna **Iontaobhais, Measa, Cineálachta agus Cumhachtaithe** a chinneann an t-iompar lena mbímid ag súil ón bhfoireann, mar Ghníomhaireacht. Is é an aidhm atá againn cultúr a chruthú ina mairimid agus na luachanna sin a leabú inár rannpháirtíochtaí laethúla le húsáideoirí seirbhísí, le páirtithe leasmhara agus lena chéile. Is trínár luachanna a chuirimid na daoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí i gcroílár gach a ndéanaimid, a chruthaíonn timpeallacht oibre níos dearfaí agus níos tacúla, agus a chothaímid muinín agus iontaoibh as ár seirbhísí.

Iontaobh

Beimid macánta, fírinneach agus freagrach nuair a bhíonn ár seirbhísí á soláthar againn

Beidh meas againn ar phríobháideacht

Lorgóimid agus cuirfimid fáilte roimh aiseolas agus úsáidfimid é chun bonn eolais a chur faoin gcaoi a bhfeabhsaímid

Tabharfaimid ár ngealltanais i gcrích

Meas

Caithfimid le daoine le dínit agus le cothroime

Comhoibreoimid agus oibreoimid i gcomhpháirtíocht

Beimid eolach agus beidh tionchar ag tuairimí agus eispéiris ar an méid a dhéanfaimid

Éistfimid lena chinntiú go dtuigfimid

Déanfaimid cumarsáid ar bhealach a chabhraíonn le gach duine tuiscint a fháil

Cineáltas

Léireoimid cúram agus comhbhá

Cabhróimid nuair a fheicimid an gá,

Beimid íogair agus cinntí á míniú againn, go háirithe nuair a bhíonn an cinneadh deacair

Cumhachtú

Beidh ionad oibre tacúil againn inár féidir le daoine barr a gcumais a bhaint amach

Foghlaimoimid agus forbróimid ár n-eolas agus ár scileanna go leanúnach

Comhoibreoimid ionas gur féidir linn oibriú le chéile go héifeachtach

Tabharfaimid aitheantas d'obair chrua agus dúthracht

Ár dTrí Phríomhcholún

Trínár bpróiseas forbartha tá trí phríomhcholún cinntithe againn (Pobal, Cleachtas agus Muinín Phoiblí). Tá na colúin seo mar bhonn agus mar thaca ag ár gcuspóirí straitéiseacha agus ag na cinntí agus na gníomhaíochtaí a dhéanfaimid chun a chinntiú go bhfuil leanaí, daoine óga, a dteaghlaigh, a bpobail, agus daoine eile a úsáideann ár seirbhísí i gcroílár gach a ndéanaimid.

Daoine

Lucht saothair ilghnéitheach cumasach a mhealladh, a choinneáil agus a fhás agus cultúr dearfach a chur chun cinn ionas gur féidir lenár ndaoine freagairt go héifeachtach d'úsáideoirí seirbhíse, tacaíocht a fháil agus a bheith bródúil as ár seirbhísí agus as an nGníomhaireacht.

Mar Ghníomhaireacht, aithnímid tábhacht ár bpobail, ár gcúramóirí altrama agus ár gcomhpháirtithe seirbhíse. Táimid ar an eolas faoin ngá atá le foirne ildisciplíneacha agus oilte chun freastal ar riachtanais éagsúla ár n-úsáideoirí seirbhíse. Tá a fhios againn freisin gur gá dúinn ár gcur chuige maidir le hearcú, ionduchtú, tacaíocht, cumasú, forbairt agus fás a neartú tuilleadh, chun feabhas a chur ar ár gcumas an tallann atá riachtanach a mhealladh agus a choinneáil ionas go meastar gur áit iontach oibre é Tusla, agus chun na seirbhísí comhtháite ardchaighdeán atá tuillte ag ár leanaí, ár ndaoine óga, ár ndaoine aonair agus ár dteaghlaigh a chur ar fáil.



Cleachtadh

Seirbhísí a dhearadh, a sheachadadh agus a rialú lena chinntiú go bhfuil siad tráthúil, cothrom, comhtháite, agus comhsheasmhach, agus freastal ar riachtanais na ndaoine a úsáideann iad.

Táimid tiomanta ár seirbhísí a struchtúru agus ár gcleachtas a chomhtháthú chun rochtain thráthúil agus chomhsheasmhach ar sheirbhísí a chinntiú agus go bhfaigheann úsáideoirí seirbhíse an tseirbhís cheart ón duine ceart ag an am ceart.



Muinín an Phobail

Chun a chinntiú go gcomhlíonann na seirbhísí a sholáthraímid na caighdeáin a bhfuil ár n-úsáideoirí seirbhíse ina dteideal, agus go bhfuil siad comhlíontach, ar ardchaighdeán, trédhearcach agus infheicthe ar fud pobal, d'fhonn muinín agus muinín an phobail i Tusla a chur chun cinn.


Creidimid go bhfuil ár n-úsáideoirí seirbhíse i dteideal seirbhísí d'ardchaighdeán atá dírithe ar an duine, agus ár mbunluachanna mar bhonn agus mar thaca acu. Trí fhíor-rannpháirtíocht agus fíorchumarsáid le húsáideoirí seirbhíse agus le páirtithe leasmhara eile, ag foghlaim ó dhea-chleachtas, ag machnamh ar ár bhfeidhmíocht, ag cinntiú go bhfuilimid ag comhlíonadh na gcaighdeán, na ndlíthe agus na rialachán a bhaineann linn, féachfaimid le feabhas a chur ar bhonn leanúnach agus a bheith oscailte, trédhearcach agus cuntasach.



Leis na trí cholún sin, beifear in ann ár gCleachtas, ár gCultúr agus ár Struchtúr a athchóiriú as seo go ceann trí bliana, i gcomhréir le Tosaíochtaí Aireachta.


Conas a Dhéanfaimid ár bPlean a Sheachadadh

I gcomhréir lenár dtrí phríomhchólún, leagamar amach 6 chuspóir straitéiseacha a threoróidh ár ngníomhaíochtaí sna trí bliana amach romhainn.



Tá ár gcuspóirí straitéiseacha comhthráthach, rud a ligeann dúinn pleanáil, faireachán agus freagairt leanúnach a dhéanamh ar athruithe laistigh den timpeallacht lúfar ina gcuirimid ár seirbhísí ar fáil. Is iad na cuspóirí sin a chuirfidh ar ár gcumas na Tosaíochtaí Aireachta a chuirtear in iúl trí na Creataí Feidhmíochta agus na Ráitis Bhliantúla a chur chun feidhme, agus cur chun feidhme ár gClár Athchóirithe a chur chun cinn, agus ár gCleachtas, ár Struchtúr agus ár gCultúr a athchóiriú ar gach leibhéal laistigh den Ghníomhaireacht.

Oibreoidimid i gcomhar lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus sa Roinn Oideachais chun na hacmhainní airgeadais is gá a fháil chun an plean seo a chur chun feidhme go rathúil, trínár bPleananna Gnó bliantúla. De bharr na bPleananna Gnó, beidh ngníomhaíochtaí bliantúlaithe níos sonraí ar fáil do gach ceann de na cuspóirí sin, agus déanfaimid dul chun cinn an phlean seo a thomhas agus déanfaimid faireachán air i gcoinne ár mbeart feidhmíochta sainithe.



Cuspóir 1: Earcaíocht agus coinneáil lucht saothair ildisciplíneach a neartú chun freastal níos fearr ar riachtanais úsáideoirí seirbhíse agus chun timpeallacht níos tacúla a chur ar fáil don fhoireann.

Mar gheall ar an éileamh méadaithe ar ár seirbhísí, riachtanais athraitheacha ár n-úsáideoirí seirbhíse, agus tionchair an mhargaidh saothair atá ann cheana, ní mór dúinn ár lucht saothair a mhéadú, lucht saothair níos éagsúla a earcú, le meascán scileanna níos leithne, agus a chinntiú go n-oibríonn baill foirne mar chuid d'fhoirne ildisciplíneacha i gcomhréir le riachtanais seirbhíse. Ní mór dúinn díriú freisin ar chumas na Gníomhaireachta ár bpobal a mhealladh, a chumhachtú, a fhorbairt agus a choinneáil, baill foirne a spreagadh le bheith ag obair in Tusla, fanacht in Tusla agus bród a bheith acu as a gcuid oibre agus Gníomhaireachta.

Tabharfaimid tús áite do na nithe seo a leanas:

- Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le soláthar oibrithe sóisialta agus foirne gaolmhara trí rannpháirtíocht leanúnach leis an Roinn Oideachais agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun líon na gcúrsaí oibre sóisialta agus cúraim shóisialta a mhéadú ^(TA2).
- Leanúint de bheith ag díriú ar fhorbairt foirne ildisciplíneacha atá dírithe ar sholáthar seirbhísí agus ar thorthaí dearfacha dóibh siúd a bhaineann úsáid as ár seirbhísí ^(TA2).
- Tógáil ar Chlár Oibre Sóisialta Tusla do Chéimithe chun uirlisí agus éascaíocht i dtaca le hiarratais agus agallaimh le Tusla a chur ar fáil do mhic léinn ^(TA2).

Díreoimid ar na nithe seo a leanas:

- Bealaí nua agus nuálacha oibre a athbhreithniú agus a fhorbairt a thuilleadh lena bhfreastalaítear ar riachtanais daoine aonair agus foirne, agus tacú le foirne láidre ildisciplíneacha a fhorbairt.
- Leanúint ar aghaidh lenár bhfócas ar fhreagairt d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a thacaíonn le feabhas a chur ar chuntasacht feidhmíochta.
- Leas a bhaint as deiseanna forbartha foirne i gcomhréir le riachtanais seirbhíse ar fud fhoireann uile Tusla.
- Ionad oibre a chur ar fáil a chuireann ar chumas na foirne oibriú ar bhealaí solúbtha lúfara.
- Conairí gairme atá soiléir agus tairbheach ar bhealach proifisiúnta a fhorbairt chun tuiscint a thabhairt dár bpobal go léir ar an gcaoi ar féidir leo a ngairmeacha beatha a fhorbairt ag Tusla.

Déanfaimid an rath a thomhas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

Earcaíocht, Roghnú agus Coinneáil

- Cur i bhfeidhm iomlán Straitéis Daoine Tusla agus spriocanna gaolmhara chun feabhas a chur ar earcaíocht, coinneáil agus taithí fhoirmiúlaí na foirne laistigh de Tusla.
- Cuireadh suirbhé bliantúil foirne i gcrích agus ghlac 50% páirt ann ar fud na Gníomhaireachta.
- Creat comhtháite Forbartha Inniúlachta curtha chun feidhme.
- Bainistíocht réamhghníomhach ar rioscaí i dtaca le Daoine agus an tAthrú, rioscaí atá aitheanta ar Chlár Riosca Tusla.
- Ghlac 100% páirt i gclár Ionductaithe Ustart.
- Comhoibriú le comhlachtaí seachtracha i ndáil le méadú 20% ar an soláthar foirne cáilithe atá ar fáil chun oibriú i Tusla.



Cuspóir 2: A chinntiú go dtugtar tacaíocht don fhoireann, go mbíonn siad rannpháirteach agus go mbeidh siad in ann tabhairt faoina ról, an Clár Athchóirithe a chur chun feidhme agus freagairt níos fearr do riachtanais úsáideoirí seirbhíse.

Tá sé tábhachtach go mothaíonn ár bhfoireann go bhfuil siad rannpháirteach agus go bhfuil siad cumhachtaithe agus cumasaithe chun oibriú go díreach le húsáideoirí seirbhíse, agus go mbeadh na scileanna, na hinniúlachtaí agus an taithí is gá acu chun freastal ar riachtanais éagsúla úsáideoirí seirbhíse. Agus muid ag leanúint ar aghaidh lenár n-aistear Athchóirithe, ní mór dúinn a bheith muiníneach as bealaí nua oibre a chur in iúl, a threorú agus a chur chun feidhme agus as na hathruithe is gá chun seirbhísí a athrú agus a fheabhsú tuilleadh.

Tabharfaimid tús áite do na nithe seo a leanas:

- Cur chun feidhme an Chláir um Chlaohlú Digiteach atá ag Tusla agus feabhsú seirbhísí TFC chun ionad oibre digiteach a sholáthar ina bhfuil córais chomhtháite nua-aimseartha a uasmhéadaíonn úsáid na teicneolaíochta agus na nuálaíochta chun tacú le baill foirne ar fud Sheirbhísí Tusla go léir ina gcuid oibre ^(TA6).
- Moltaí Phlean Gníomhaíochta an tSuirbhé d'Fhostaithe a chur chun feidhme chun eispéireas fostaithe comhsheasmhach agus dearfach a chruthú ag Tusla.
- Cuntasacht Feidhmíochta a chur chun feidhme ar fud na gníomhaireachta lena dtabharfar cumhacht don fhoireann agus don bhainistíocht araon i réimse na feidhmíochta.
- Rolladh amach leanúnach na rannpháirtíochta inár nAcadamh Ceannaireachta agus Bainistíochta i measc ceannairí atá bunaithe ar chleachtas ar fud na Gníomhaireachta chun forbairt caighdeán ceannaireachta, ceannaireacht cleachtais agus bainistíocht comharbais a chinntiú.

Díreoidimid ar na nithe seo a leanas:

- Feabhas a chur ar chumas na foirne athruithe a chur chun feidhme go héifeachtach agus cur chuige struchtúrtha agus treoirilínte a chur ar fáil lena dtugtar cumhacht do bhaill foirne dul i mbun tionscnamh agus tionscnaimh um athrú a stiúradh go muiníneach.

- Leanúint d'fheabhas a chur ar bhonneagar TFC Tusla (lena n-áirítear teicneolaíocht néalríomhaireachta) agus ar sheirbhísí TFC ionas go mbeidh rochtain ag gach ball foirne ar theicneolaíocht nua-aimseartha agus go gcuirtear leibhéal den scoth tacaíochta TFC ar fáil dóibh.

Déanfaimid an rath a thomhas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

Coinneáil agus Feidhmíocht

- Creat Inniúlachta Tusla a chur chun feidhme do gach ball foirne.
- Creat Forbartha Tallainne agus Cuntasachta Feidhmíochta a chur chun feidhme (100% den fhoireann).
- Líonra Tusla um an Athrú a bhunú, 50 tacaí an athraithe a ainmniú agus oiliúint a chur orthu i ngach Limistéar Réigiúnach.
- Acadamh Forbartha Ceannaireachta agus Bainistíochta Tusla a leabú le ceithre chlár: Clár Céimithe, Clár na gCeannairí agus na mBainisteoirí Céaduaire, Clár Bainistíochta Sinsearaí agus Forbairt Feidhmiúcháin (oiliúint curtha ar 30% den fhoireann thar réimse an Phlean Chorpáraidigh).

TFC

- 100% de Sheirbhísí Oibríochtaí Tusla do leanaí agus do theaghlaigh a fhaigheann tacaíocht ó chórais chomhtháite (Tairseach agus Córais Comhtháite Bainistíochta Cásanna Tusla (CBC)).
- 100% d'oibríochtaí Acmhainní Daonna, Airgeadas agus Seirbhísí Corparáideacha Tusla (A&SC) agus d'fheidhmeanna Cáilíochta agus Rialála (C&R) ag fáil tacaíochta trí thacú le Córais TFC chomhtháite chuí (Córais Tacaíochta Gnó).
- 100% de na foirmeacha a úsáideann gach seirbhís in Tusla á ndigitiú i r-Fhoirmeacha nó i gcórais tacaíochta.

Déanfaimid an rath a thomhas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

Athchóiriú Struchtúrach

- Cuirfear chun feidhme athstruchtúrú 17 Limistéar Tusla ina 30 líonra go hiomlán.
- Cuirfear Samhail nua Soláthair Seirbhíse Chomhtháite Áitiúil i bhfeidhm agus cuirfear chun feidhme í.

Cúram malartach

- Tá 90% dár leanaí faoi chúram á chur i socrúcháin cúraim altrama.
- Gheobhaidh 100% de chúramóirí altrama an liúntas méadaithe cúraim altrama.
- Beidh rochtain ag 100% de chúramóirí altrama atá nua nó ar lú a dtaithe ar phiarthacaíocht ó chúramóirí altrama a bhfuil taithí acu.
- Gheobhaidh 100% de chúramóirí altrama nua plean ionductaithe agus oiliúna caighdeánaithe chun freastal ar a riachtanais agus ar riachtanais an linbh faoina gcúram.
- 110 leaba chónaithe bhreise in ionaid chónaithe.
- Tá 100% de leanaí/daoine óga óna dteastaíonn idir cúram cónaithe meántéarmach agus cúram cónaithe fadtéarmach i socrúchán cónaithe faofa.
- Beidh plean iarchúraim ag 87% ar a laghad de dhaoine óga a fhaigheann seirbhís iarchúraim.
- Déanfar oibrí iarchúraim a leithdháileadh ar 100% de dhaoine óga incháilithe in iarchúram a meastar gur gá dóibh ceann nuair a bhaineann siad 18 mbliana d'aois amach.

Seirbhísí teiripeacha

- Beidh sé cinn d'Fhoirne Teiripeacha atá Bunaithe ar Limistéar Ildisciplíneach i bhfeidhm.
- Beidh ionchur ildisciplíneach i bpleanáil cúraim ag 100% de leanaí/daoine óga nua atá ag teacht faoi chúram an stáit sna sé Limistéar inar maoiníodh Foirne Teiripeacha.

Leanaí Scartha a bhfuil Cosaint Idirnáisiúnta á Lorg acu

- Forbrófar samhail chúraim nua le haghaidh leanaí scartha a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu.

- Cuirfear 100 áit chónaithe bhreise i bhfeidhm le haghaidh mionaoisigh neamhthionlactha agus leanaí scartha a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu le meastóireacht leanúnach ar riachtanas breise.

Tacaíochtaí Tuismitheoireachta

- Geo-mhapáil tacaíochtaí tuismitheoireachta curtha i gcrích.
- Bunaíodh sé mhol tuismitheoireachta (ceann amháin in aghaidh Réigiún Tusla).

Barnahus

- Cuirfear meastóireacht ar scéim phiólótach Barnahus Thiar i gcrích agus cuirfear moltaí i bhfeidhm lena mbunófar freagairtí cuí agus tráthúla do leanaí agus dá dteaghlaigh ar fud an réigiúin.
- Seolfar Barnahus Theas i réimsí ar leith agus tabharfar isteach inscálaitheacht éifeachtach le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta.
- Tá straitéis chuimsitheach á cur chun cinn le tacaíocht leanúnach Tusla chun tógáil ar na sainseirbhísí mí-úsáide gnéasaí leanaí atá laistigh de Barnahus cheana.

Teagmhais agus Gearáin

- Beidh athbhreithnithe curtha i gcrích ar 90% de theagmhais arb é 'olltheagmhas' an rátáil déine atá acu ar an gCóras Náisiúnta Bainistíochta Teagmhas (CNBT).
- Méadú 50% ar chur i gcrích athbhreithnithe le haghaidh teagmhas lena mbaineann rátáil déine 'mórtheagmhas' ar CNBT a thuairisceofar ó 2024 ar aghaidh.
- Laghdú 45% ar fud na tíre ar ghearáin oscailte ar feadh tréimhse is faide ná 12 mhí.

Glacadh

- Tabharfar chun críche threoirilínte nós imeachta náisiúnta maidir le glacadh naíonán.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

- Beidh ríomhchóras grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána i bhfeidhm.



Cuspóir 4: Comhtháthú seirbhíse a neartú go himmheánach agus go seachtrach araon chun freastal níos fearr ar riachtanais úsáideoirí seirbhíse.

Leanaí, daoine óga agus teaghlaigh, go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais níos casta acu, is gá dóibh rochtain ar sheirbhísí i ngníomhaireachtaí éagsúla agus i ranna Rialtais éagsúla. Tá a fhios againn gur féidir leis seo a bheith dúshlánach d'úsáideoirí seirbhíse agus do bhaill foirne mar gheall ar an éagsúlacht struchtúr ar minic imeallach iad, agus mar gheall ar thosaíochtaí in iomaíocht le chéile agus bacainní eile. Táimid tiomanta do bheith ag cinntiú go bhfuil ár Seirbhísí Tusla inmheánacha níos comhtháite agus, thar na trí bliana amach romhainn, go ndírímid go diongbháilte ar sheirbhísí agus conairí cúraim a chomhtháthú le gníomhaireachtaí agus seirbhísí eile ionas go bhfreastalaímid le chéile ar riachtanais úsáideoirí seirbhíse, a dtaithe seirbhíse a fheabhsú agus torthaí níos fearr a chumasú.

Tabharfaimid tús áite do na nithe seo a leanas:

- Teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun soláthar seirbhísí éifeachtacha tacaíochta teaghlaigh a acmhainniú, a neartú agus a mhéadú, lena n-áirítear seirbhísí le haghaidh Cuartaíochta ar an mBaile, agus ról na Líonraí Tacaíochta Leanaí agus Teaghlaigh a neartú ^(TA3).
- Comhoibriú leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun cobhsú Chlár an Ionaid Acmhainne Teaghlaigh (IAT) a chur chun cinn chomh maith le forbairt agus acmhainniú foriomlán na gCoistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CSLDanna) agus a ailíniú le réimsí CFPA (Coiste Forbartha Pobail Áitiúil) ^(TA3).
- Oibriú leis na páirtithe leasmhara go léir ar chur chun feidhme na bpríomhthorthaí ón bPróiseas Comhairliúcháin Idirghníomhaireachta maidir le Seirbhísí do Leanaí Scartha a bhfuil Cosaint Idirnáisiúnta á Lorg Acu (2023) ^(TA4).
- Oibriú leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun acmhainní cuí a chinntiú do sheirbhísí Faisnéise agus Rianaithe Breithe agus iad a sheachadadh ionas go bhfreagrófar d'iarraíais ar fhaisnéis agus ar rianú laistigh den tréimhse ama reachtúil ^(TA7).
- Leanúint de bheith ag comhoibriú leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais in aistriú seirbhísí

coimisiúnaithe FBGI chuig córas saincheaptha nua Ghníomhaireacht FBGI in 2024 ^(TA7).

- Leanúint de chomhar idirghníomhaireachta a chur chun cinn le príomhghníomhaireachtaí seachtracha (lena n-áirítear FSS, AGS agus Ranna Rialtais) trí rannpháirtíocht i bhfóraim agus i ngrúpaí idir-rannacha agus idirghníomhaireachta ábhartha.
- Teagmháil a dhéanamh le FSS chun cur chun feidhme an Phrótaicail Chomhpháirtigh a áirithiú agus chun conairí comhtháite cúraim a neartú do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil riachtanais níos casta acu.

Díreoimid ar na nithe seo a leanas:

- Leanúint dár dtiomantas do chomhpháirtíocht leis an Aire Oideachais, chun ár sainchúram reachtúil Leasa Oideachais a sheachadadh, ar sainchúram é atá ailínithe agus freagrúil do bheartas agus do thosaíochtaí an Rialtais.
- Feabhas a chur ar struchtúir rialachais agus ar an bplean feabhsúcháin seirbhíse laistigh de SOMC chun gníomhaíocht mheasúnaithe a mhéadú, liostaí feithimh d'iarraíais ar mheasúnuithe scoile baile agus athbhreithnithe a laghdú, agus gníomhaíocht chigireachta a mhéadú ar fud earnáil na scoileanna neamhaitheanta.

Déanfaimid an rath a thomhas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

Prótacal Comhpháirteach

- Prótacal Comhpháirteach athbhreithnithe FSS/ Tusla curtha chun feidhme i ngach líonra.

Leanaí Scartha a bhfuil Cosaint Idirnáisiúnta á Lorg acu

- Tuarascáil na bpáirtithe leasmhara maidir le moltaí seirbhísí le haghaidh leanaí scartha a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu le cur i gcrích agus cur chun feidhme na moltaí.

Comhar idirghníomhaireachta

- Cuirfear an t-athbhreithniú ar Phrótaicail Oibre Comhpháirteach AGS/Tús Áite do Leanaí Tusla.



- An Comhaontú Comhroinnte Sonraí a chur chun feidhme.
- Gníomhaíochtaí Tusla sa Straitéis do Dhaoine Óga gan Dídean 2024 a chur i gcrích.

Cosc, Comhpháirtíocht agus Tacaíocht do Theaghlaigh (CCTT)

- Beidh 17 gCleachtóir Tacaíochta Teaghlaigh i bhfeidhm chun tacú le teaghlaigh in ionaid Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta (SCCI).
- Déanfar plean acmhainní a chomhaontú leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun scéimeanna píolótacha rathúla a phríomhshruthú faoin tionscnamh What Works agus a chur chun feidhme ar feadh shaolré an Phlean Chorporáidigh.
- Beidh plean forfheidhmithe i bhfeidhm le haghaidh gníomhaíochtaí comhaontaithe den Athbhreithniú ar Chaiteachas ar sheirbhísí tacaíochta teaghlaigh de chuid na hearnála deonaí agus pobail arna gcistiú ag Tusla.

Faisnéis agus Rianú Breithe

- Freagrófar 100% de na hiarratais ar Fhaisnéis Bhreithe laistigh de na tréimhsí ama reachtúla.
- Déanfar 100% de na hiarratais ar rianú a leithdháileadh laistigh de 6 mhí tar éis iad a fháil de réir na dtreoirilínte.

IA Tanna/CSLDanna

- Beidh próiseas i bhfeidhm chun an clár Ionad Acmhainní Teaghlaigh a leathnú i gcomhréir leis an gcistiú ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige atá ar fáil.
- Beidh ceithre scéim píolótacha plean ceantair áitiúil maidir le bochtaineacht leanaí i bhfeidhm i limistéir CSLD faoi Phlean Gníomhaíochta an Aontais um Ráthaíocht Leanaí.
- Beidh Plean Acmhainnithe agus Ailínithe na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus CSLD/CFPA i bhfeidhm agus cuirfear chun feidhme é le tacaíocht ó Tusla.

FBGI

